2026/1390

22.6.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/1390 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meitheamh 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/423/CBES [1], agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/450/CBES.

(2) An 28 Aibreán 2026, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1591(2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe'), ceathrar le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) An 7 Bealtaine 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1049 [2] lenar cuireadh triúr de na daoine a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 28 Aibreán 2026 le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES.

(4) Ba cheart an duine eile a liostaigh Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 28 Aibreán 2026 a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/450/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 22 Meitheamh 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. PANAYIOTOU

---

[1] IO L 203, 11.7.2014, lch. 106, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/450/oj.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2026/1049 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2026 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin (IO L, 2026/1049, 7.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1049/oj).

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an iontráil seo a leanas leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES:

'14. **DAGALO, Al-Goney Hamdan**

Ar a dtugtar freisin: (a) Algoney Hamdan; (b) Al-Qoni Hamdan.

Ainmniú: Stiúrthóir na bhFórsaí Mear-Thacaíochta.

Dáta breithe: an 7 Lúnasa 1990.

Áit bhreithe: Nayala Thuaidh, an tSúdáin.

Seoladh: Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Náisiúntacht: an tSúdáin.

Inscne: Fireann.

Pas: (a) Uimhir na Súdáine B00017334; (b) Uimhir na Súdáine B00024943 (a rachaidh in éag an 27 Meán Fómhair 2031); (c) Uimhir na Céinia AK1586127.

Uimh. aitheantais náisiúnta: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha 784199014302485.

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: an 28 Aibreán 2026.

An chúis lena liostú:

Liostaíodh Al-Goney Hamdan Dagalo an 28 Aibreán 2026 de bhun mhír 3 (c) de rún 1591 (2005).

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Tá Al-Goney Hamdan Dagalo (Al-Goney) á ainmniú as páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó i mbeartais a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Darfur i mbaol.

Is é Al-Goney stiúrthóir soláthair na bhFórsaí Mear-Thacaíochta agus deartháir Mohammed Hamdan "Hemedti" Dagalo, ceannaire na bhFórsaí Mear-Thacaíochta. Chuir Al-Goney síneadh leis an gcogadh sin trí bheith i gceannas ar iarrachtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta airm agus ábhar míleata a sholáthar. Trí na Fórsaí Mear-Thacaíochta a armáil, chuir a chuid gníomhaíochtaí go díreach le léigear leanúnach na bhFórsaí Mear-Thacaíochta ar El Fasher in Darfur Thuaidh, cathair ina bhfuil beagnach dhá mhilliún sibhialtach leochaileach, agus le hoibríochtaí na bhFórsaí Mear-Thacaíochta in áiteanna eile sa tSúdáin.

Rialaigh Al-Goney cuideachta chaoch na bhFórsaí Mear-Thacaíochta Tradive General Trading, a d'allmhairigh feithiclí chuig an tSúdáin thar ceann na bhFórsaí Mear-Thacaíochta.'.